

# Gaelscoil Thaobh na Coille

15/02/2017

## Banna Ceoil na Scoile

Kirsten, Aoife &amp; Sophie

Tá an t-ádh linn i nGaelscoil Thaobh na Coille go bhfuil sár-cheoltóirí i measc foireann múinteoirí na scoile agus go dtugann siad a gcuid ama go flaithiúil leis an bua sin a roinnt leis na daltaí. Míle buíochas leo. Tá an t-ádh leis na páistí freisin go bhfuil tuismitheoirí iontacha acu a chuireann ar a gcumas freastal ar ranganna ceoil lasmuigh den scoil. Is iontach an deis í seo dóibh.

Tá an banna scoile faoi lán tseol faoi láthair ag ullmhú don Chórphéile. Beidh sé ar siúl san Ionad Náisiúnta Cispheile i dTamhlacht ar an 7ú Mártá ag a 10.30am. Tá cóiriú déanta ag na múinteoirí ar cheithre phíosa ceoil, ag baint úsáide as an réimse leathan uirlisí atá á sheinnt ag daltaí na scoile. Buíochas mór leis na múinteoirí a thugann a gcuid ama chun an banna a choinneáil ar an mbóthar.



Thug an Banna Ceoil aghaidh ar Scoil Lorcáin an tseachtain seo caite le haghaidh seisiún ollmhór idir muintir Thaobh na Coille, Scoil Lorcáin agus Gaelscoil na Cille. Bhí breis is 200 páiste ag seinnt le chéile ar an lá, agus cuireadh fáilte mhór rompu ann.

*We are exceptionally lucky in Gaelscoil Thaobh na Coille that we have many talented musicians on our teaching staff & that they give of their time so willingly to share their talents with the pupils. Míle buíochas leo. The children are also extremely lucky that they have wonderfully supportive parents who enable and encourage them to attend music lessons outside of school. This is a great opportunity for them.*

*The Banna Ceoil are in full swing at present preparing for their participation in Córphéile. The children will take to the stage in Córphéile na Scoileanna on Tuesday the 7th of March at 10.30am in the National Basketball Arena in Tallaght. The banna ceoil will play an lovely arrangement of 4 tunes that will showcase the various instruments they play. Míle buíochas leis na múinteoirí who give of their lunchtimes to bring the Banna Ceoil to life.*

*The children were made to feel very welcome when they visited Scoil Lorcáin last week for the second music session of the year. Over 200 children from Scoil Lorcáin, Gaelscoil na Cille & Gaelscoil Thaobh na Coille played together in this monster music session.*



## Máirt na hInide Shrove Tuesday



Beidh Coiste na dTuistí ag eagrú díolachán pancóga ar Mháirt na hInide an 28 Feabhra (díreach i ndiaidh an bhriseadh meántearma). Beidh an Coiste ag iarráidh ar thuismitheoirí na scoile pancóga cócaireáilte a sheoladh isteach chun na scoile le díol ar an lá sin. Rachaidh an t-airgead ar fad a bailítear as na pancóga a dhíol go díreach ag Cumann Alzheimers na hÉireann.

*Coiste na dTuistí are organising the sale of pancakes in the school on Shrove Tuesday, the 28th February (just after the mid-term). The Coiste will be asking parents to donate ready made pancakes on the day. All proceeds from the sale of pancakes will go directly to The Alzheimers Society of Ireland.*

# Gaelscoil Thaobh na Coille

Leathanach 2

## Céad Fhaoistin Sacrament of Reconciliation



Beidh an Chéad Fhaoistin ar siúl ag daltaí R2 ar an Déardaoine seo an 16 Feabhra. Beidh an searmanas ar siúl ag 7pm i Séipéal Mhuire, Áth an Ghainimh.

*R2 will be making their first confessions this Thursday the 16th February. The ceremony will take place at 7pm in St Mary's Church, Sandyford.*




## Cóineartú Confirmation

Guímíd gach ádh ar dhaltaí R6 a bheidh ag glacadh Sacraimint an Chóineartaite ar an Aoine an 10 Márta i Séipéal Mhuire, Ath an Ghainimh ag 11am. Cuirfidh tuistí R5 cupán tae & sóláistí ar fáil dóibh i halla na scoile i ndiaidh an tsearmanais.

*We would like to wish daltaí R6 all the best on Friday the 10th March Friday when they will receive the Sacrament of Confirmation in St Mary's Church, Sandyford at 11.00am. The parents of R5 are organising tae and refreshments for the pupils and their families in the school hall afterwards.*

## Dátaí do Dialann Dates for Your Diary



16/02/17 : R2 Céad Fhaoistin 7pm *First Confessions 7pm St Mary's Sandyford*

20/02/17 - 24/02/17 : Briseadh Meántearma *Midterm Break - school closed*

28/02/17 : Máirt na hInide - Díolachán Pancóga *Shrove Tuesday - Pancake Sale*

01/03/17 - 17/03/17 Seachtain na Gaeilge!

07/03/17 : Banna Ceoil - Córfhéile na Scoileanna 10.30am Tamhlacht *School Band 10.30am Basketball Arena, Tallaght*

10/03/17 : R6 Cóineartú 11am *Confirmation 11am St Marys Sandyford*

14/03/17 : R4 Comórtas Claisceadail na Céime *R4 Choir Competition 10am Gaelscoil Thaobh na Coille*

15/03/17 : Coiste na dTuistí - Potaí Seamróg ar díol *Coiste na dTuistí - selling Shamrock Pots.*

17/03/17 : Lá le Pádraig - scoil dúnta *St Patrick's Day - school closed*

22/03/17 : Cruinniú Tuistí - Céad Chabhair Bunúsach don Bhaile 7.30pm & AGM Coiste na dTuistí ina dhiaidh. *Parents' Meeting - Basic First Aid for the Home 7.30pm followed by Parents' Committee AGM*

23/03/17 : R5/R6 Ceardlann lae OCG faoi stiúir oilineoirí ó ACCORD. *RSE workshop with facilitators from ACCORD.*

26/03/17- 06/04/17 (oíche amháin le cinntíú *one night to be confirmed*)  
R5/R6 Ceolchoirm Réigiúnach Cór Náisiúnta na nÓg - Lárionad Cispheile, Tamhacht 8pm *R5/R6 National Children's Choir, Regional Concert, Basketball Arena, Tallaght. 8pm*

07/04/17 : Scoil ag dúnadh ag 12:00 do Shaoire na Cásca *School closing at 12:00 for the Easter Holidays*

10/04/17 - 21/04/17 *Saoire na Cásca Easter Holidays*

## Comórtas Claisceadail na Céime Stepaside Choral Singing Competition

Mar chuid d'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge tá Gaelscoil Thaobh na Coille ag eagrú comórtas Claisceadail do dhaltaí R4 'sna scoileanna logánta. S'éard a bheidh i gceist ná go gcanfaidh gach rang 2 amhrán traidisiúnta Gaeilge. An rang ar fad a bheidh ag canadh agus is amhránaíocht gan tionlacan a bheidh i gceist. S'iad na sean-amhrán Ghaeilge ar nós Báidín Fheidhlímí, Trasna na dTonnta, Óró Sé do Bheatha Bhaile, Beidh Aonach Amárach & rl. atá i gceist.

Beidh an comórtas ar siúl anseo i nGaelscoil Thaobh na Coille ar an Mháirt an 14 Márta agus beidh 5 scoil ón gceantair páirteach ann. Táimid ag súil gur comórtas bliantúil a bheidh anseo.




COMÓRTAS CLAISCEADAIL NA CÉIME Máirt 14 Márta

*As part of our seachtain na Gaeilge events Gaelscoil Thaobh na Coille is hosting a choral singing competition for the pupils of 4th class in the local schools. Each 4th class will sing two traditional Irish songs (as Gaeilge). Each class will be singing as a choir and they will be singing unaccompanied. The songs that are to be sung are the old Irish songs that we know from our own school days; Báidín Fheidhlímí, Trasna na dTonnta, Óró Sé do Bheatha Bhaile, Beidh Aonach Amárach etc.*

*The competition will take place in Gaelscoil Thaobh na Coille on Tuesday the 14th of March and 5 local schools have already signed up to participate. We are hoping that this competition will become an annual event.*

## Cúrsaí Spóirt Sports News

## Comórtas Iomána Inti Rang a 3



Glacfaidh R3A agus R3B páirt i gcomórtas iomána Corn Andy Gibbons i Mí Márta. Is deis é do na páistí cluichí a imirt i gcoinne scoileanna áitiúla – Holy Cross, Holy Trinity, Our Lady of the Wayside, St. Mary's, St. Olaf's and Queen of Angels – trí sheachtain as a chéile a bheidh na cluichí ar siúl; ag tosú 7 Márta. Imreofar na cluichí ar fad i halla Club CLG Naomh Olaf. Tá Corn Andy Gibbons buaite ag an scoil ceithre bhliain as a chéile agus tá síul againn lámh a choimeád air arís i mbliana.

*R3A and R3B will participate in the Corn Andy Gibbons indoor hurling competition against local schools – Holy Cross, Holy Trinity, Our Lady of the Wayside, St. Mary's, St. Olaf's and Queen of Angels – on three successive weeks starting on the 7<sup>th</sup> of March. The games will take place in the Naomh Olaf GAA Clubhouse hall. Gaelscoil Thaobh na Coille have won the cup for the past four years and we intend to challenge for it again this year!*

## Potaí Seamróg



Beidh Coiste na dTuistí ag tionsú airgead-don scoil tré photaí seamróg a dhíol.

Gheobhaidh gach clann cártá ordaithe 10 líne. Tá síul againn go ndíolfaidh sibh roinnt potaí seamróg le bhur gclann agus bhur gcairde. Cosaíonn gach pota seamróg €5.

Dáilfeart na potaí seamróg roimh Lá Fhéile Pádraig. Tá síul againn go mbainfidh na páistí taitneamh as an tógra seo agus go néireoidh linn airgead mhaith a ghnóthú don scoil! Faigheann an scoil €2 as gach €5 a bailítear!

Dáilfeart na cártá ordaithe ar na páistí go luath. Cártá le bheith ar ais roimh 1 Márta.

*Coiste na dTuistí will be fundraising for the school by selling Shamrock Pots.*

*Each family will receive a 10 line order form. We hope you will be able to sell some of these live fresh shamrock pots to friends and family. Each pot of fresh shamrock costs €5.00.*

*Delivery of the Shamrock will be with the school before we break up for St. Patrick's day. We hope you and the children will enjoy this project and we look forward to making it a success for our school, as for each pot of shamrock sold (€5) the school retains €2.*

*Order cards will be distributed shortly. Cards to be returned to the school by 1<sup>st</sup> March.*

## Scéalta Ranga Class News

- N1A** Tá N1A ag foghlaim faoin siopa peataí faoi láthair. Tá siopa peataí againn sa seomra ranga atá lán le nathracha, damhán allá agus laghairteanna! Tá ainmhithe déanta againn as cré agus beimid á bpéinteáil go luath.
- N1B** Tá N1B ag baint taitneamh as an téama atá á dhéanamh againn san aistear faoi láthair. "Ag dul go dtí an dochtúir" an téama atá ann. Is breá leo an cluiche 'bióngó - baill bheatha' agus a bheith ag tógáil ospidéal as bríci.
- N2A** Tá N2A tosnaithe ar an mBéarlaanois agus tá obair na gcapall ar siúl againn leis an léitheoireacht. Cuirimíd hata 'Béarla' orainn nuair atáimid ag labhairt i mBéarla sa rang. 'Cleachtadh a dhéanann máistreacht.'
- N2B** Tá N2B ag baint an-taitneamh as an téama atá á dhéanamh againn san aistear faoi láthair. 'Mo Lá Breithe' an téama atá ann. Bíonn grúpa amháin ag prioritál le balúin, grúpa eile ag tógáil áiteanna cosúil le jumpzone le bríci. Bíonn cóisir againn sa chúnne baile. Déanann grúpa cácaí le marla agus cuireann siad coinnle iontu agus scriobhann grúpa eile cártaí agus curí. Bíonn an-spraoi againn
- R1A** Tá R1A ag foghlaim cén chaoi a rangnaítear bia ina dhá ghrúpa; bia folláin agus bia mí-fholláin. Bíonn plé ar siúl againn faoi na cineálacha béisite a ithimíd agus cén chaoi gur féidir linn na béisite sin a dhéanamh níos sláintiúla. An raibh a fhios agaibh go bhfuil pirimid bia ann a léiríonn cé mhéad de chineálacha bia difriúla gur chóir dúinn a ithe? Ba mhór an chabhair é seo dúinn.
- R1B** Tá na páistí i rang a 1B an-bhródúil toisc gur bhuaigh siad duais Gaeilge na míosa seo caite. Bhain siad an-taitneamh as an am bhreise sa chlós!
- R2A** Tá R2A ag déanamh tionscadail ar shaol suimiúil Roald Dahl faoi láthair. Fuaireamar amach go leor fíricí nua mar gheall air. An raibh a fhios agaibh gur oibrigh sé mar spaire agus mar phílóta sa Dara Cogadh Domhanda? Scríobh sé ar feadh ceithre huaire chuile lá i dtigín ag bun a gháirdín. Táimid ag léamh a leabhar 'Matilda' sa rang faoi láthair agus ag baint an-taitneamh as.
- R2B** Tá R 2B ag baint an-taitneamh as na stáisiún Mata leis an Múinteoir Bairéad gach Céadaoin. Is breá linn na cluichí Zoologic ach go háirithe. Is cluichí taobhsmaointeoireachta iad.
- R3A** Rinne R3A díospóireacht i mBéarla agus an rún a bhí ann ná 'Famous footballers are paid far too much money.' Bhí go leor pointí agus tuairimí suimiúla acu faoi seo! Rinne siad scríbhneoireacht áititheach freisin ag impí ar an múinteoir gan obair bhaile a thabhairt dóibh agus d'éirigh leo oíche amháin saor ó obair bhaile a fháil de bharr an dea-obair a rinne siad.
- R3B** Bhí R3B ag foghlaim faoin Spáinn ar na mallaibh agus theagasc Niamh Ní hUaithe roinnt frásai Spáinnise dúinn fostá. Is rang trítheangach muid anois! ¡Hasta luego!
- R4A** Tá Rang 4A ag foghlaim faoi na Lochlannaigh faoi láthair. Tháinig siad go hÉireann ar dtús sa bhliain 795. Bhí na páistí ag comhoibriú le chéile chun taighde a dhéanamh orthu, eolas a bhailiú agus tionscnaimh a chur le chéile. Rinne siad ealaín 3T bunaithe ar na Lochlannaigh: clogaid 3T, sciath, cláiomh agus loing fhada.
- R4B** Tá rang 4B ag foghlaim faoi na haigéin agus na farraigí faoi láthair. Tá an-suim acu sa Mhuir Mharbh. Loch mór is í an Mhuir Mharbh a bhfuil  $\frac{1}{4}$  den uisce ina shalann. Tá an oiread sin salainn intí gur féidir suí ar bharr an uisce dá bharr!
- R5A** Bhain Rang 5A an-sult as OT '10 ag a 10' - ag rith, ag sciopáil agus ag dabáil ach go h-áirithe! An tseachtain seo, d'fhoghlaímíomar a lán mar gheall ar bholcán agus na saghassanna difriúla atá ann. An raibh a fhios agat go bhfuil tuairim is 75% de bholcán an domhain sa chrios bolcánach 'Fáinne Tine an Aigéin Ciúin'? Fuair Cillian a chapall féin an tseachtain seo. 'Bobby' is ainm dó. Fuair Clodagh coileán nua darbh ainm 'Luna', chomh maith. Beidh litreacha á sheoladh ag R5A go cairde pinn i Scoil Iosáf i gCorcaigh agus tá siad ag tnúth go mór le litreacha a fháil thar n-ais uathu.
- R5B** Tá rang 5B tar éis tionsnamh a chur le chéile ar chontaetha na hÉireann. D'oibrigh siad i ngrúpaí de beirt nó triúr ag úsáid Powerpoint chun na tionscnamh a léiriú. Beimid ag breathnú ar thoradh a gcuid oibre níos déanaí sa tseachtain agus táimid ar fad ag súil leis an gcur i láthair!
- R6A** Rinne Rang a 6A ag déanamh staidéar ar an gcroí agus an córas imshruthaithe. An bhfuil a fhios agat nuair a chloiseann tú an croí ag bualadh, gurb iad na comhláí ag oscailt agus ag dúnadh atá á chloisteáil agat? Buaileann croí an duine timpeall seachtó uair gach nóiméad agus buaileann croí eilifinte cúig huaire is fiche gach nóiméad!
- R6B** Tá fuadar mór faoi Rang a 6B faoi láthair. Táid ag diríú ar an lá mór ag dul faoi lámh Easpaig a bhéas ar siúl go gairid. Bhíodar ag déanamh ealaíne le snáith faoin téama Lá Fhéile Vailintín. Rinne siad croíthe as Origami, rud a bhí an-spéisiúil. Rinne siad staidéar an lá cheana ar an Homo Vitruvius a dhear Leonardo da Vinci, bunaithe ar na gaoil atá ag na géaga colainne.